

# Suaibh Shoil



Scoil Cholmcille, Duibhlinn Riabhach.

Guimis Nollaig Shona  
& Athbhliain Faoi Mhaise  
Dár Léitheoirí Uilig!

*Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Soill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.*

Fón: 074 9154830 / R-phost: [ceimaniar@eircom.net](mailto:ceimaniar@eircom.net) Facebook: Céim Aniar Teo



# CLÁR

- *Coirnéal Nan* 2
- *Muintir John Eoin (Clann Uí Luodhóg)* 6
- *Lítreacha na Nollag* 18
- *Na Mummers* 21
- *Seoladh Leabhar Shéamúis Mhíc a Bháird* 30
- *Féile Chéim Aniar 2019* 32
- *An Nollaig ar Bhóithrín na Smaointe* 34



## Coirnéal Nan

**b**hí mé ag insint daoibh fán drocham a thug Nellie do Chondaí nuair a bhí sé ag obair sa tsiopa di.

Bean chiapánta, chonfach, chrosta a bhí i Nellie. Char phós sí ariamh agus le bheith ionraice fán rud char chuir sin iontas ar dhuine ar bith. Bhí a teanga chomh géar searbh sin go raibh sé ráite fá dtaobh di go leáfadh sí siocán bán áit ar bith a raibh a glór le cluinstit. Ó mo chéad chuimhne di is seanbhean le cruit a bhí inti leis na roicne doibhne ar a leicne agus char athraigh sí a dhath ón lá sin go dtí'n lá a d'fhág mé slán leis na gleanntáin ghlasa.

Má bhí a leithéid de rud is saibhreas i nGaoth Dóbhair an t-am sin is ag Nellie a bhí sé. Bhí an siopa is mó sa pharóiste aici agus cha raibh teaghlach fán áit nach dearn gnó de shórt éigin le Nellie. Dhíolfadh na fir prátaí agus olann léi agus dhíolfadh na mná uibheacha agus im léi. Ba mhinic a chuaigh muid na scoile agus arán tur linn de thairbhe an ime a bheith tugtha do Nellie.

Le scéal fada a dhéanamh gairid bhí sé ráite gur chaith Nellie leath na hoíche achan oíche ag cuntas a cuid airgid. Níl a fhios agam cad é a rinne sí leis an airgead mar thig libh a bheith cinnte de rud amháin char chaith sí pingin rua de

ariamh. Bhí na seanéadaí céanna uirthi Satharn is Domhnach agus dhéanadh sí neamhaird de phláta an tsagairt ar an Aifreann. Nach millteanach an rud é sin le rá fá dhuine ar bith mar is cinnte gur ábhar náire a bheadh ann do theaghlach ar bith ag an am, bocht agus eile is mar a bhí siad, dul ar an Aifreann gan cúpla pingin rua a bheith curtha ar leataobh don sagart mór.


Tá mé ag insint seo daoibh sa dóigh go dtuigfeadh sibh an cineál cráiteacháin suaraigh a bhí inti agus go raibh Condaí bocht ag obair dá leithéid.

Anois, nuair a chuirfeadh Nóra, sin an searbhónta a bhí ag obair do Nellie sa teach, scairt ar Chondaí fá choinne an tae ag a deich ar an Satharn cha ligfeadh Nellie di siúcra a chur ar an tábla don tae. “Cha bheadh siúcra aige sa bhaile,” arsa Nellie, “cad chuige a mbeadh siúcra anseo dó?” Cibé ar bith bheadh Condaí ina shuí ag an tábla leis fhéin agus bheadh crocán gloine ar an drisiúr ag amharc air is é lán siúcra. A leithéid de chathú a bhí ansin do Chondaí.

Anois chan amadán ar bith a bhí i gCondaí agus rinne se neamhaird den chrocán an chéad cúpla uair a bhí sé sa chistin ach sa deireadh thiar thall sin an cathú nach dtiocfadh leis a sheachaint. Bhí sé ina shuí ansin ag amharc ar an chrocán agus é ag déanamh a sheacht dhícheall ar theacht aníos le plean inteacht le cuid den siúcra milis a fháil i ngan fhios do Nellie. Bhí spúnóg ina lámh aige a d’úsáid sé leis an ubh a ithe. Ghlan sé an spúnóg lena theanga agus thriomaigh sé í ar a léine. Sa deireadh shiúl sé anonn agus bhain sé an clár den chrocán agus thóg sé amach lán spúnóige den siúcra deas agus chuir sé é ina bhéal. Cha raibh an spúnóg ina bhéal i gceart nuair a chuala sé cnag trom ar an fhuinneog ar a chúl. Léim Condaí bocht leis an scanradh a fuair sé agus thiontaigh sé thart leis an

spúnóg ag gobadh amach óna bhéal. Cé a bhí ag amharc isteach ar an fhuinneog? Nellie! Bhí na súile ina cloigeann lasta le fearg agus í ag déanamh damhsa beag agus ag croitheadh a doirn le Condaí.

D’imigh sí as amharc ansin agus an chéad rud eile phléasc an doras tosaigh isteach agus sheas Nellie roimhe. “A ghadaí bhig,” a dúirt sí, chan iontas ar bith é nár leor deich mbomaite duitse agus tú ag líonadh do bhoilg le mo chuid siúcra. Seo imigh leat.” Char bhog Condaí orlach. “Ar chuala tú mé a mhaistín gan mhúineadh,” arsa Nellie, “síos an bóthar leat anois. Thig leat insint do do mháthair fán chineál mic a thóg sí.”





“Ta a fhios ag mo mháthair cén cineál mic atá ionam,” arsa Condaí, “gasúr ionraic múinte.”

“Huh! Arsa Nellie, “cha bheadh gasúr ionraic múinte ag ithe mo chuid siúcra.”  
 “Char ith mise siúcra ar bith,” arsa Condaí.” “Nach raibh mé i mo sheasamh taobh amuigh den fhuinneog ag amharc ort? Arsa Nellie le fearg.

Bhí a fhios ag Condaí go raibh a dhroim leis an fhuinneog nuair a d’ith sé an siúcra agus thug sin uchtach dó. “Cad é a chonaic tú?” a dúirt sé. “Chonaic tú spúnóg i mo bhéal. Cad chuige nach mbeadh spúnóg i mo bhéal nach raibh mé i ndiaidh ubh a ithe?” Sheas Nellie ansin mar bhalbhán ann mar bhí a fhios aici go maith gur ith Condaí an siúcra ach san am chéanna chan fhaca sí an spúnóg ag dul isteach sa chrocán. “Bhí an crocán i do lámh agat,” arsa Nellie. “Bhí cinnte,” arsa Condaí. “Dúradh liom nach raibh cead agam an siúcra a ithe ach char dúirt duine ar bith liom ariamh nach raibh cead agam a bheith ag amharc ar an siúcra.” Bhí a fhios ag



Nellie go raibh sí buailte agus labhair sí go feargach leis.

“Amach go hifreann leat agus gabh i mbun do chuid oibre go gasta.”

Rinne Condaí sin agus é breá sásta leis féin. An chéad Satharn eile bhí sé sa chistin arís ag amharc anonn ar an chrocán siúcra agus bhí plean aige. D’íosaí sé spúnóg siúcra chomh luath is a bhí Nóra amach as amharc. Bhí

Nellie gnóthach sa tsiopa agus bheadh sé sábháilte go leor.

Chuaigh sé anonn is bhain sé an clár den chrocán. Chomh luath is a bhí sin déanta aige d'eitil cuileog amach as an chrocán. Chuir sin iontas go bráth air is bhí se ina sheasamh ansin is an clár ina lámh nuair a tháinig Nora isteach.

Chonaic sí cad é a bhí déanta ag Condaí. “Ó, a Chondaí,” a dúirt sí leis, “rinne mé dearmad rabhadh a thabhairt duit.” “Cad é’n sórt rabhaidh? Arsa Condaí.

Thóg Nora an clár óna lámh. “Chuir Nellie cuileog sa chrocán sa dóigh is go mbeadh a fhios aici cé acu a bhí sé foscailte nó nach raibh. Tá an chuileog ar shiúl anois is beidh Nellie istigh gan mhoill.” D’amharc sí amach an fhuinneog agus lig sí osna mór uaithi. “Ó, a Dhia ár sábháil seo í ag teacht, a Chondaí.”

Le sin chonaic Condaí nead damháin alla os cionn an drisiúir. Rinne sé é a smeachadh lena mhéar agus tháinig an damhán alla amach. Fuair Condaí greim air agus chuir sé é sa chrocán agus theann se an clár arís. Shuigh sé ag an tábla ansin is thosaigh sé ag slogadh siar a bhricfeasta.

D’imigh Nóra amach le rása sula dtáinig Nellie isteach.

Chuaigh Nellie díreach chuig an chrocán agus thóg sí é. Chonaic sí an damhán alla ach cha raibh cuileog ar bith le feiceáil. D’amharc sí ar Chondaí.

Ar fhoscail tusa an clár seo? a dúirt sí. “An ag magadh atá tú, a Nellie?” arsa Condaí. “Cha rachainnse a chóir an chrocán sin a choíche.” Shlog sé siar an bolgam deireanach den tae is shiúil sé amach an doras. Nellie bhocht, char thuig sí ariamh cad é’n dóigh a fuair an damhán alla isteach sa chrocán ach cha dtiocfadh léi a dhath a rá. Cha raibh se furasta ceann a chur trasna ar Chondaí Ó Domhnall.

Creid é nó nach creid ach sin scéal.

an



# Muintir John Eoin (Clann Uí Luodhóg).

Chaith Den John Eoin, Den Ó Luodhóg, as Gorta Móra a shaol ag ceannacht agus ag díol iasc, ó bhí sé ina leathstócach go raibh sé isteach go maith sna ceithre fichid bliain. Chuir sé aithne mhaith le linn a chuid oibre ar phobal na Contae, pobail na mbailte chomh maith leis na pobail a bhí scaipthe thart faoin tuath agus is cinnte go bhfaca sé athruithe móra ón am a thosaigh sé go dtí gur ghlac sé scíste-- na pobail ag dul ó shaol na bochtaineachta go saol an rathúnais.



Den & a bhean chéile Cáit

D'oibrigh sé go dícheallach le linn an ama seo le forbairt mhór a dhéanamh ar a ghnó -- ó bheith amuigh le hasal ag caitséireacht go dtí gur bhunaigh sé a mhonarchan éisc. Cha dearn sé seo ina shuí ar a thóin, dár ndóigh, mar go mbíodh sé ar shiúl ag obair roimh theacht an lae agus, go minic, chan fheiceadh sé an baile arís go mbíodh an oíche domhain ann. Nuair a bhí Den ag inseacht domh fána shaol agus é anois ós cionn na deich mbliana agus ceithre scór bhí sé, mar a thuigfeadh duine ar bith a bhfuil aithne acu ar Den, lán de dháiríreacht agus fosta lán den ghreann. Ach is cinnte go raibh sé breá bródúil as an méid a bhí bainte amach aige ina shaol agus an ceart sin aige.

## A Bhunadh.

Deirtear gur as an Chloigeann, baile fearainn atá ar an bhealach 'na Chraoslaigh, a tháinig clann Uí Luodhóg i dtús báire agus go raibh siad muinteartha don Chairdinéal Ó Luodhóg. Cé go ndeireann muid Den John Eoin nuair a bhíonn muid ag caint faoi Den, is Den James John Eoin an leagan ceart dá ainm mar gur James a bhí ar a athair. Ach 'sé an rud a tharla bunús an ama le teaghlaigh ghaeltachta san am atá caite, ná gur fágadh amuigh glún as an ainm dúchasach nuair a bhí ceithre ghlún san áireamh. Luaigh mé sin roimhe seo fá leithéidí Phroinsí Dhonchaidh Mhícheáil, fágadh ainm a athar amuigh as an leagan dúchasach mar gur Proinsí John Dhonchaidh Mhícheáil ba chóir a bheith ann.

Bhí cónaí ar mhuintir John Eoin i nGorta Móra. Chan bailte fearainn iontu fhéin a bhí i nGorta Móra ná sa Bhaile Úr, bhí na háiteacha seo mar chuid de bhaile fearainn Dhoire a' Chasáin. Bhí John Eoin (1841), athair mór Den pósta i nGorta Móra ar Ghracie Ní Ghallchóir ón bhaile fearainn céanna, iníon le Brianaí Ó Gallchóir. Bhí deirfiúr amháin ag John Eoin, bean a raibh Maggie uirthi agus bhí sise pósta ar John Mc Elhinney as Doire A' Chasáin Beag.

## John Eoin agus Gracie.

Bhí seachtar clainne ag John Eoin agus a bhean Gracie, cúigear mac -- Paidí (1863–1939) a bhí pósta ar Bhríd (Bidly) ‘Ac Laifeartaigh (1872–1942) as Doire A’ Chasáin Mór, Bernard (1864), Mícheál (1871), James (1879) agus Eoin; bhí beirt iníonach, Sarah (1867) a bhí pósta ar Phaidí Friel as an Mhuirleog agus Máire a rugadh 1873.

## James John Eoin.

Ba seo athair Den agus bhí sé pósta ar Ghráinne A’ Canainn as an Ard Bhán. John a bhí ar a hathair agus bhí sé pósta ar Mháire A’ Laifeartaigh as Baile ‘n tSléibhe. **Bhí seachtar clainne ag James agus Gráinne, ceathrar mac agus triúr iníonach.**

**James:** Fuair James bás óg.

**John:** Thiomáin John do na Mc Bride’s as Creamhghort agus bhí sé pósta ar Bhríd Ní Shiadhail (Bridget Shiels) as Ceathrú na Sal (Carrownasaul) atá in aice leis an Ghabhlán (Golan).

Ceathrar clainne a bhí ag John agus Bridget, triúr mac, Hughie, Mícheál agus James agus iníon amháin Caitlín. Tá James ar shlí na fírinne agus tá an triúr eile pósta go háitúil. Tá Mícheál fostaithe ag an Mart i mBaile na nGallógach.

**Paidí:** Bhí Paidí pósta ar Theresa A’ Fhionmlaoich agus tá an bheirt acu ar shlí na fírinne anois. Fuair Paidí bás ina fhear óg sa bhliain 1973 agus Theresa sa bhliain 2007. Bhí beirt mhac acu, Gerard agus Paidí. Tá cónaí ar Gerard sa bhaile agus tá Paidí ag reáchtáil an Sheephaven Bar i Londain. Chaith sé blianta ag imirt mar chúlbaire ag foireann peile na nDúnaibh.

**Den:** Pósadh Den ar Cháit a’ Aodha sa bhliain 1958. Bhí beirt chlainne acu Bríd agus Jimmy. Tá Jimmy ‘na chónaí sa bhaile agus teach aige in aice lena athair. Ceathrar clainne atá ag Bríd agus a fear céile John Byrne -- John, Kitty, Sarah agus Anna. Bhí Bríd ina príomhoide ar Scoil Naomh Bríd, na Dúnaibh ar feadh blianta fada.

**Grace:** Bhí Grace pósta ar Bhrianaí A’ Laifeartaigh ( Brianáí Den as Dumhaigh) agus chaith siad a saol in Albain.

**Sadie (Sarah):** Bhí Sadie pósta ar Mharc Ó Gallchóir (Mark Nóra Bho) ach ar an drochuair fuair sé bás an-óg sa bhliain 1948 Beirt chlainne a bhí acu, Nóirín agus Séamus. Fuair Séamus bás ina fhear óg fosta sa bhliain 2001 ach tá Nóirín breá gníomhach sa phobal agus cónaí uirthi i Radharc na Mara. Fuair



John & a bhean chéile Bhríd



Paidí & a bhean chéile Theresa



Den & a bhean chéile Cáit

Sadie bás i 1996.

**Máire:** Bhí Máire pósta ar Chéarlaí John Nochaí (Mac Giolla Chearra) fear a raibh aithne leitheadach air mar iascaire. Bhí beirt mhac acu, John agus James. Tá cónaí ar John i mBaile Átha Cliath ach tá tithe ag an bheirt acu i nGorta Móra, áit a gcaitheann Jimmy agus a bhean Sandra an chuid is mó den bhliain anois. Tá beirt mhac acu, Ciarán agus Daire. Tá aithne leitheadach ar John mar gur chaith sé blianta mar Rúnaí Ginearálta ar Chumann Múinteoirí Éireann. Tá ceathrar clainne ag John agus a bhean Joan, triúr iníonach – Muirann, Eibhlín agus Siobhán agus mac amháin Cathal. Fuair Charlie John Nochaí bás i 1977 agus a bhean Máire 1986.

### Den ag teacht ‘un aois.

Chuaigh Den ‘na scoile go Doire a’ Chasáin, áit a raibh Miss Mc Gill agus Tom Mac Fhionlaoich ag teagasc le linn a chuid ama ansin. Bean mhór láidir théagartha as Ard a’ Ratha ab ea Miss Mc Gill agus b’ é an chuimhne a bhí ag Den uirthi ná, nach raibh sí róghéar agus gur mhúinteoir maith a bhí inti. Bhí sí de shíor ag ithe agus ag cognadh lóisingéirí. Muna raibh Miss Mc Gill róghéar mheas sé nach dtiocfaí an rud céanna a rá faoin phríomh-oide, Tom Mac Fhionnlaoich mar gur bhain sé úsáid mhór as na slatacha saileoige a bhí fairsing go leor fán áit agus char spáráil sé duine ar bith. Ba ghnách le Tom a theacht ‘na scoile, óna áit chónaí i gCarraig Airt, ar rothar agus ba mhinic a chur sé Den go Carraig Airt chuig an bhanc ar an rothar seo. Cha raibh Den rómhór agus ba chuimhin leis lá amháin go raibh sé ag báistí go trom agus bhí air a dhul chuig an bhanc i gCarraig Airt. Thug Tom cóta dó a bhí i bhfad rófhada aige agus nuair a bhí sé ag dul thart le coirméal theach Joe Fhearghail chuaigh ruball an chóta i bhfostú sna spócaí, ansin d’imigh ruball eile den chóta isteach i spócaí an rotha eile. Cha raibh sé ábalta a dhul ‘un tosaigh ná a dhul ‘un deiridh, ná a theacht den rothar ach oiread agus lena chois sin bhí sé ag stealladh báistí anuas sa mhullach air. Tugadh tarrtháil air sa deireadh thiar thall.

Bhí baicle bhreá as an cheantar ag dul na scoile ina chuideachta -- Tony, Jimmy, John, Cítí agus Máire Den Antoin (Ó Gallchóir), Eddie Den Dhonaí (Ó Gallchóir), Corny Mhuiris Mac Giolla Bhríde, Muintir Frank Bhoy, (Mac Laifeartaigh), bhí girseach fosta a raibh Sadie Kelly uirthi a tógadh tigh John Neidí.

Ba chuimhin leis go raibh Jim Watters, an ceantalaí (auctioneer) ar an bhaile lá amháin agus é ag díol tí agus talaimh de chuid Aindí Dhónail ar ceant (auction). Ceant poiblí (Public Auction) a bhí ann agus is cosúil go raibh na boic óga uilig ina seasamh thart ag tabhairt cluais, mar a bhíonn, d’achan rud a chuaigh ar aghaidh. Is léir gur phioc John Den Antoin suas teanga an cheantálaí mar go raibh sé uilig ar bharr a theanga aige lá arna mhárach. Ar a mbealach ‘na bhaile ón scoil bhí John ag díol leis - ‘What am I bid’ agus ‘any advance’ agus mar sin de. Tháinig an bodach amach agus iad ag siúl thart lena dhoras. Thosaigh John ag



Sadie & a fear céile Marc



Máire & fear céile Chéarlaí



Den ('un tosaigh) agus a chara Berni Frank Bhoys (Mac Laifeartaigh) ar an asal



díol agus de réir cosúlachta bhí se de nós ag an bhodach a bheith ag croitheadh (nodding) a cheann go minic. Nuair a bhí seo déanta aige cúpla uair, arsa John leis - 'Is that a bid Bud'? Ar shiúl leo 'na rithe agus an bodach sa tóir orthu. Lean sé iad go teach Den Antoin.


Bhí cuibhreann ag Padaí Éamoinn i ndeas den scoil agus tornapaí curtha aige sa chuibhreann. Ba ghnách leis na

gasúraí a bheith isteach is amach 'na chuibhrinn achan lá ag tarraingt na dtornapaí, a mbriseadh agus a n-ithe. Chruthaigh seo deacrachtaí móra don mháistir agus bhíodh achramn go minic nuair a thiofadh Paidí isteach lena ghearán a dhéanamh leis an mháistir.

### Saol Anásta.

Bhí saol anásta ag daoine san am sin, ba seo le linn an chogaidh, go háirithe má bhí siad ag tógáil clainne. Cha raibh pingin rua fá na tithe. Gabhair a bhí fán chuid is mó de na tithe le bainne a thabhairt, tógadh lear páistí ar bhainne gabhair mar nach raibh luach bó fá na tithe. Ba ghnách leo na gabhair a ligint ar shiúl ansin san oíche agus ar maidin nuair a bhíodh siad a dhíth arís le blí cha dtiocfaí iad a fháil áit ar bith mar go raibh sé de nós acu imeacht leo fríd na cnoic agus bhíodh brú mór ar dhaoine greim a fháil orthu.

Bhíodh an obair a rinne sé i ndiaidh dó a theacht 'na bhaile ón scoil ag brath ar an séasúr - ag cur bairr san Earrach, ag sábháil an bhairr san Fhómhar agus a mhacasamhail a dhéanamh do na comharsana.



Scoil Dhoire a' Chasáin 1941. Ar Cúl: Tom Mac Fhionnlaioich ar thaobh na lámhe clé agus Miss McGill ar thaobh na laimhe deise. Den an tríú duine ar chlé ó Miss Mc Gill.

Tharraing siad trioplóga le h-asal ó Phortach a' Dochartaigh a bhí siar ar chúl a' tí. Bhí tobar anseo fosta a thug uisce don phobal thart orthu agus nach deachaigh tirim ariamh. Chomh maith le sin bhí crann a d'fhás thiar ansin fosta agus atá ansin go fóill ar tugadh Tor Ghráinne Bhilly air ach cha raibh fhios aige cé a bhí in Gráinne Bhilly ná cha raibh fhios ag a athair ach oiread.

As siocar nach raibh mórán fostaíochta fán áit bhí cuid mhór imirce, go háirithe i measc na n-óg. Iad sin a bhí fágtha bhí siad ag brath ar an dole agus ar an phinsean agus chan mórán a bhí ansin. Dá dtiocfadh le daoine cúpla scilling sa bhreis a dhéanamh thall is abhus ba sin má b'fhearr é ach bhí daoine i gcónaí thart a raibh fonn orthu sceitheadh ar dhaoine a fuair cúpla uair oibre. Thug Joe Mc Nutt pór tornapaí d'athair Den le díol am amháin. Cha raibh saibhreas le déanamh as seo mar gur málaí beaga unsa a bhí iontu agus cha raibh siad ach ocht bpingin déag an t-unsa. Cheannaigh daoine thart fán chomharsanacht an pór uaidh - leithéidí Den Antoin, Dinis Aindí, Micí Ginn (dhá unsa) Paidí Shíle agus roinnt daoine eile. Cuireadh litir mhór fhada isteach ag an Roinn Leasa Shóisialaigh faoi seo fá athair Den a bheith ag saothrú airgid. B'éigean do Den a dhul go Baile Átha Cliath le cas a athar a throid agus mar a dúirt sé fhéin, 'chuaigh mé suas gan oiread agus leathphingin i mo phóca a gheobhadh cupa té domh'. Nuair a chas sé leis an fhear a bhí chun na ceiste a phlé dúradh le Den go gcaithfeadh sé theacht ar ais lá eile mar nach raibh an litir léite aige agus nach dtiocfadh leis an cas a phlé. Cuirtear an bhróg ar an té a bhíonn thíos.

### I gCeann an tSaoil.

Nuair a d'fhág Den an scoil sna blianta tosaigh de na daicheadaí cha raibh mórán fána choinne agus é ag dul i gceann an tsaoil. Ba ghnách le scaifí ón cheantar imeacht go poirt iascaireachta sa Bhreatain Mhóir le scadáin a ghutáil. Ba obair shéasúrach a bhí anseo. Triúr a bhíodh ar achan fhoireann gutála, beirt ag gutáil agus fear amháin a bpácáil i mbairille agus a sailleadh. Cha raibh sé mórán os cionn ceithre bliana déag nuair a d'imigh sé fhéin, Tony Den Antoin agus Padaí Dhomhnail go hOileáin Shetland. Dhíoltaí iad ar an méid oibre a dhéanadh siad. Bhí lá fuar, gruama Geimhridh amháin agus deir Den gur phácaíl sé 50 bairille, 50 bairille de scadáin bheaga agus gurbh seo éacht nár sáraíodh ó

Paidí Dhomhnail



Mná ag gutáil, Shetland.



Shetland ag tús an chéid dheireanaigh.



shin. Bhí lóistín acu in ‘huts’ agus de thairbhe nár ól sé san am sin cha raibh sé furasta an t-am a chur thart. Cé go bhfuil Shetland tamall maith ó thuaidh bheifeá ag súil é a bheith iontach fuar in amanna ach mar a deir Den nuair a bhíonn tú óg cha dtabharann tú amhail ar an fhuacht. Bhíodh corr racán ann nuair a bhíodh siad ag ól ach cha raibh caill air. Bhí scaifte mór ón cheantar seo agus ó iarthar na Contae ansin idir fhir is mhná. Nuair a fuair sé blas ar an ghutáil chaith sé tréimhsí in áiteacha eile fosta—An Bun Beag, Ard Ghlais, (Ardglass), Yarmouth agus sa bhaile sna Dúnaibh.

Bhí eachtra a bhain de nuair a bhí sé ag an ghutáil san Ard Ghlais (Ardglass), eachtra simplí, ach eachtra a thaispeánann duit mar a chuirtear dóigheanna an tsaoil os do chomhair. Shocraigh sé fhéin agus fear eile a dhul isteach go Port a’ Dúnáin (Portadown) lá amháin fá choinne bearradh gruaige (haircut) a fháil. Chuir siad ceist ar sheandúine ag barr sráide an dtiocfadh leis ainm bearbóra maith a thabhairt dóibh. ‘Are you Catholic?’ arsa an seandúine. ‘We are’ arsa Den. ‘I was thinking that by the way you spoke’ ar seisean, ‘the best man for you is at the bottom of this street, and listen to me’ arsa seisean leofa, ‘Don’t go to the other fella lads, you know yourself’ Fuair siad ceacht simplí faoin dóigh a raibh gnothaí sna Sé Chontae.

### Athrú Saoil.

Bhí Den ar an chéidh sna Dúnaibh lá amháin le linn de na halfdeckers a bheith ag teacht isteach le lastaí scadán. Bhí Chéarlaí John Nochaí ina measc, bhí Chéarlaí pósta ar Mháire, deirfiúr Den. D’inis Chéarlaí do Den go raibh sé fear goirid agus d’fhiafraigh sé de an oibreodh sé dó i rith an lae agus ag deireadh an lae go dtabharfadh sé dó cibé cé mhéad scadán a bheadh fágtha thart. D’oibrigh Den ar an chéidh go titim na hoíche agus fán am sin bhí ocht ndosaen scadán fágtha thart agus bhí Chéarlaí chomh maith lena fhocal – fuair Den na scadáin. Cha mhó ná go raibh sé sé bliana déag ag an am. D’imigh Den ina rith ‘na bhaile agus fuair sé amach srathar agus cléibh le cur ar an asal ar maidin. Char chodlaigh Den néal an oíche sin ach ag smaoineamh ar bheith ag dul amach lena asal ar maidin ag díol scadán. Dar

ndóigh bhíodh lear daoine ag caitséireacht fá na Dúnaibh san am sin –Brianaí Beag (Mac Giolla Chearra), Stiofán a’ Bhacán, Nead Beag Nead Thuathail (Ó Gallchóir), Den William Sheáin (Mac Giolla Bhríde), seanJohn a’ Canainn agus John Óg a’ Canainn. D’imigh sé leis ar maidin leis an asal agus cléibh agus ocht ndosaen scadán agus ag teacht anuas dó ag an Lodge casadh traidhfil as Tulach dó, bhí siad ar a mbealach ‘na céidhe le bairille scadán a shailleadh. Ba ghnách le achán

An bád úr a cheannaigh Chéarlaí John Nochaí  
— Ros na Cille.



teach bairille de scadáin shailte a bheith acu san am sin. Cheannaigh siad na hocht ndosaen uaidh agus thug siad dó 1/6 an dosaen. Bhí a chéad chúpla scilling saothraithe aige ar an iasc agus is cinnte gur iomaí iasc a dhíol sé ón am sin go dtí gur ghlac sé sos uaidh traidhfil blianta ó shin.

### **An Bhohtaineacht.**

Thaispeáin an t-éileamh a bhí ar scadáin thart timpeall chósta an Chontae agus síos iarthar na tíre an leibhéal de bhohtaineacht a bhí againn. Bhí an t-ádh orainn go raibh an scadán againn, go raibh sé le fáil go fairsing agus go raibh an scadán folláin, sláintiúil mar bhia. Mar sin de nuair a deirfí gur ‘the poor man’s fish’ a bhí sa scadán bhí an fhírinne ansin mar go raibh sé saor le ceannacht agus cha raibh airgead ag daoine le feol ar bith de chineál eile a cheannacht agus an t-ádh orainn fosta go raibh sé chomh folláin sin. Ach san am chéanna bhí amanna ann a raibh sé ródhaor ag daoine nuair nach raibh an t-airgead acu le é a cheannacht.

Casadh bean ar Den i gCarraig Airt cúpla lá i ndiaidh do na chéad scadáin a dhíol agus dúirt sí leis a bheith cinnte a aghaidh a thabhairt ar Thulach leis na chéad scadáin eile a gheobhadh sé. Maidin amháin eile bhí sé thíos ar an chéidh nuair a bhí na bádaí ag teacht isteach. Bhí scadáin mhóra líonta le Jimmy Antoin agus thug sé bascaed mhaith acu do Den ar luach bhreá réasúnta. Bhí aithne mhaith aige ar Den mar gur ghnách le Den cuidiú leis ag am chur agus bhaint na bprátaí ag an Lodge. Bhí Den breá sásta lena lód agus thug sé aghaidh ar Thulach. Casadh fear dó ar an bhealach thuas ag Tulach agus d’fhiafraigh sé do Den an raibh sé ag díol scadán, dar ndóigh dúirt Den leis go raibh agus nach raibh a sárú le fáil. Dúirt sé le Den a dhul thart ar achan teach agus go nglacfadh sé fhéin dhá dhosaen. Dhíol sé go maith go dtí gur bhuaíl sé cnag ar an doras áirithe seo agus tháinig glór mná ó chúl an dorais a dúirt, ‘I’m not in’. Cha raibh luach na scadán ag an bhean bhoht agus sin mar a bhí sé go minic ar fud an Íochtair agus an Uachtair le linn na mblianta sin.

### **An Rosapenna.**

Dheamhan i bhfad ina dhiaidh seo fuair Den lód eile de scadáin bhréatha uaidh Jimmy Antoin – iad mór agus líonta agus shocraigh sé a dhul suas go dtí Óstán Ros na Binne leofa. Tháinig an Chef amach, fathach d’fhear a bhí ann ón Phólainn. D’amharc sé ar na scadáin agus d’fhiafraigh sé do Den cé mhéad a bhí siad. Bhí na scadáin ó scilling agus sé pingne go dhá scilling an dosaen ag an am. Is dócha gur shíl Den go raibh níos mó airgid fán Rosapenna ná mar a bhí sa phobal agus nach raibh an ceart aige. ‘Half a crown a dozen’ arsa Den.



Jimmí Antoin (Iascaire).

‘Well I’m going to tell you something’ arsa an Chef leis, ‘and you’ll have to repeat it to me in case you make a mistake. I’m taking sixteen dozen’ Thug sé duilleog pháipéir do Den agus scríobh sé 3 scilling (3/=) an dosaen orthu. Déan sin a athrá domhsa anois ar seisean le Den. Thug sé ordú do Den ansin a dhul isteach chun na hoifige agus gan fágáil go bhfaigheadh sé díolta. I ndiaidh dó a chuid airgid a fháil bhain Den na bonnaí as agus lúchair an domhain air.

Cha raibh fágtha aige ach an dá dhosaen, thug sé aghaidh ar Charraig Airt agus dheamhan i bhfad go raibh siad sin díolta fosta.

### Ag Díol as Baile.

Nuair a bhí Den sé nó seacht mbliana déag b'iomáí oíche a luigh sé ar na rópaí ar an chéidh agus é ag fanacht leis na bádaí a theacht isteach ó iascaireacht na scadán. Bhíodh sé ar shiúl ansin de shiúl cos, luath ar maidin, ar fud an cheantair agus taobh amuigh den cheantair ag díol a mhalach. Thógfadh asal agus cléibh corradh agus fiche dosaen, sin bascaed go leith de scadáin. Ba mhinic a shiúl sé go Baile na nGallóglach, amach go Gabhlán (Golan), lá eile siar go bun na Mucaise nó trasna go Fánaid. Théadh sé go Fánaid ar an bhád farantóireachta (ferry) as Ramhros. Ba chuimhin leis é fhéin agus Eddie Den Dhoní a dhul trasna lá amháin le dhá asal agus cléibh leofa. Deir Den gurb é an fear deireanach atá beo a chuaigh go Fánaid ar an bhád farantóireachta le dhá asal agus cléibh. Na Mc Elhinney's a reáchtáil an bád agus ba ghirseach óg nach raibh mórán le ceithre bliana déag a bhíodh ar na rámhái, ba seo Ruby duine de theaghlach Mhic Elhinney. Is Ruby Mc Cloy anois í agus í beo go fóill i Rath Mealtáin. (Tá scéal Ruby agus an bád farantóireachta in eagrán eile de Ghuth Ghoill). Ba iomramh mhasla a bhí ann d'fhear nó do bhean mar go raibh cuid mhór sruthanna (currents) sa chainéal farraige idir Ramhros agus Fánaid agus cha raibh i Ruby ach girseach óg san am sin. Dar ndóighe bhíodh na h-asail ar crith le heagla le linn dóibh a bheith a dtarraingt isteach ar an bhád. Dhíol sé scadáin ar fud leithinis Fhánada.

Fuair sé scanradh oíche amháin ar bhealach Loch 's Alt. Chríochnaigh sé suas mall san oíche ar an Ghabhlán agus shiúl sé isteach bealach an locha. Bhí oíche dhorcha ann agus casadh fear dó ar an bhealach. Char labhair an fear ach sheas sé i ndiaidh do Den siúl thairis agus choimhead sé Den go deachaigh sé i bhfolach sa dorchadas. Bhain sé an croí as Den.

Thaitin an obair go mór leis ach bhí siúlta fada ann agus bhí ort a bheith ar shiúl luath ar maidin agus cha raibh barúil agat cén t-am den oíche a mbeifeá ar ais. Chuir daoine fáilte mhór roimhe agus roimh na scadáin ach mar a dúirt sé cheana fhéin bhí drocham amach ann agus chan ag chuile dhuine a bhí na traidhfil pingeacha le cúpla scadán a cheannacht ach char fhág Den duine ar bith ar an ghannchuid ar mhaithe le traidhfil pingeacha.

### Ag Iascaireacht.

Chaith Den tréimhsí ag iascaireacht fosta. Ba ghnách leis a bheith ag iascaireacht le Chéarlaí John Nochaí (Mac Giolla Chearra) fá na Dúnaibh agus siar fá Chionn Caslach agus ar an Bhun Bheag. Ansin nuair a fuair Chéarlaí an bád úr, an 'Ros na Cille' cheannaigh Den an seanbhád uaidh, an 'Naomh Riach'. Chuaigh sé fhéin, John Bhoy agus Paidí Phaidí a'



Seo an bhean, Ruby McCloy, a thug Den agus Eddie Den Dhoní, asail agus cléibh trasna ar an bhád farantóireachta nuair a bhí sí ina cailín Og.

Buaidhe ag iascaireacht uirthi. Bhí siad ag iascaireacht sa bháighe lá amháin agus fuair siad cor mór de sciataí (skate), bhí an oiread sin acu sna heangacha gurbh éigean dóibh na heangacha a tharaingt isteach ‘na céidhe i ndiaidh an bháid. Bhí 20 bosca de sciata sna heangacha. Chuir Paidí Mhicí Eoin (Ó Gallchóir), a bhí ag obair le B.I.M ag an am, iad ar shiúl go dtí an margadh i mBaile Átha Cliath dóibh. Ach char mhair an iascaireacht rófhada, thosaigh an bád ag tógáil uisce agus ba sin deireadh.

### **Veain Úr.**

I ndiaidh tréimhse de bhlianta a bheith caite aige ag caitséireacht agus é óg go leor ag an am, mhol John Friel, fear an gharáiste ar an Chraoslach, do Den gur cheart dó veain beag a cheannacht agus go raibh ceann aige a bheadh breá fóirsteanach dó. Cha raibh mórán suime ag Den veain a fháil mar go bhfaca sé deacrachtaí go leor le bheith ag íoc ar ais luach veain agus lena chois sin go mbeadh aige le peitreal a choinneáil léithe. Ach dúirt John Friel leis go dtiocfaí íoc ar ais as an veain de réir mar a bhíodh sé ag saothrú agus nach gcuirfí brú ar bith air. Thug sé Den go dtí an banc i Leitir Ceanainn agus ghlac Den leis na socruithe de thairbhe gur shíl sé iad a bheith thar a bheith réasúnta. Is cinnte go bhfaca John Friel fear nach raibh sásta suí ar a thóin ag dúil go dtiocfadh an obair chuige agus ar an dóigh sin bhí sé breá sásta téarmaí a thabhairt dó a d’oirfeadh dó. Ach mar a dúirt Den go minic cha raibh a dhath fán áit ach léan, leatrom agus imirce agus char éalaigh duine ar bith uaidh. ‘Sé an deacracht ba mhó a bhí aige leis an veain ná nach raibh an t-airgead aige i gcónaí le peitreal a chur inti agus gur mhinic a shuigh sí ar an tsráid de thairbhe sin agus gur mhinic a bhíodh sé ag brath ar phinsean a athar le galún peitreal a cheannacht.

### **Feabhas de réir a chéile.**

Cé go raibh an feabhas i gcúrsaí eacnamaíochta na tíre mall ag teacht tháinig sé de réir a chéile. Cha raibh daoine ag brath an oiread sin ar scadáin mar a bhíodh siad na blianta roimhe sin cé nár chaill daoine ariamh, a raibh cleachtadh acu orthu, blas iontach na scadán rósta.

Chaith sé tréimhse fada ag díol na scadán as an veain fosta agus chaith Den William Sheáin tréimhse fada ag dul thart leis ach dár ndóigh ba ghnách le lear daoine eile a dhul thart fosta ó am go ham, thart leis fá choinne an ‘run’ mar gur chuideachta mhaith a bhí ann agus bheadh neart grinn agus craic ar feadh an lae fosta.

Ach bhí saol na h-iascaireachta ag athrú, cha raibh na scadáin chomh fairsing agus ba ghnách leo a bheith, cha raibh sé de nós acu fanacht rófhada san áit amháin! Ach bhí Den ábalta a dhul níos faide ó bhaile fána gcoinne. Chuaigh sé rith an bhealaigh go Muigheó am amháin agus thug leis veain iomlán de scadáin ‘na bhaile. Lena chois sin ba ghnách leis anois a bheith ag ceannacht ó veaineanna a bhíodh thart ag díol iasc fosta. Bhí áit aige taobh a’ tí ina raibh domhainreiteoir (deep freeze) agus seomra fuarthóra (chill room) agus d’fhág sin go raibh dóigh air anois na héisc a fhilléadú (fillet) agus a choinneáil úr agus iad a dhíol mar ba mhian leis. Bhí éagsúlacht mhór d’éisc a cheannacht aige anois, thug an domhainreiteoir an deis dó seo a dhéanamh – trosc (cod), cadóg (haddock), faoitín (whiting), sól (sole), leathóg (plaice), turbard (turbot), colmóir (hake) agus dár ndóigh cha dtig dearmad a dhéanamh den bhradán.

## Sna Cealla Beaga.

Nuair a thosaigh Den a dhul ‘na Cealla Beaga le héisc a cheannacht rinne sé ceangal le fear ansin a cheannaigh a chuid iasc do agus a d’amharc i ndiaidh a chuid iasc. Char bhac Den leis an mhargadh éisc ar an chéidhe mar d’fhéadfadh sé tarlú go minic nach mbeadh an cineál éisc a bheadh a dhíth air le fáil ansin agus mar sin de ba sin an tábhacht a bhíodh leis an cheannaitheoir a bhí aige. Chuirfeadh Den isteach a ordú Dé Luain agus bhíodh sé réidh aige do Den ar an Chéadaoin. An lá a mbíodh Den ag dul ‘na gCealla bhíodh sé ar shiúl ag a 6 a chlog ar maidin le bheith ansin nuair a d’osclódh na monarchana éisc.

Ba ghnách le trálaer mór iascaireachta de chuid na Sasana a theacht isteach go Ráth Maoláin anois agus arís fosta, chuir Den aithne orthu agus ba ghnách leis malach maith den chuid is fearr d’éisc a cheannacht uafa. Cibé uair a thiocfadh siad isteach chuirfeadh siad scairt air. Fuair sé scairt uafa oíche amháin agus é ar an bhealach as Cionn Caslach agus ar aghaidh leis síos go Rath Maoláin. Fuair sé líon mór de thurbaid uafa agus éisc de chineáil eile ach leag Den a shúil ar iasc mór eile a bhí leofa; halibut a bhí ann agus bhí sé fád an veain, bhí an halibut seo ar an cheann ba mhó dá bhfaca Den ariamh. Shocraigh Den go gceannódh sé é. D’éirigh leo, le buaireamh, é a fháil isteach ar chúl an veain. Ghearr Den é ina phíosáí ar maidin, bhí rópa mór aige air agus rinne sé é a tharraingt ‘un tosaigh de réir mar bhí sé a ghearradh. Dhíol sé é ina phíosai leis na hÓstáin agus rinne sé pingin mhaith mhór ar an halibut céanna.

## Monarcha Úr.

Rinne Den forbairt mhór ina ghnó agus mar bharr ar a chuid oibre d’oscail sé monarchan éisc thíos san áit a raibh cónaí air ina óige. Monarchan éisc den scoth a bhí ann agus bhí siopa ann chomh maith. Ba ghnách le cuid mhór daoine a bheith ag tarraingt ar an tsiopa agus go minic chuirfeadh daoine isteach ordaithe.

Ach sin agus eile bhí a

fhios ag Den gurbh iad na hÓstáin a chuidigh go mór leis san fhorbairt a rinne sé agus cha raibh sé chun faillí a dhéanamh iontu. D’fhreastal sé agus thug sé seirbhís mhaith d’Óstáin na



Halibut. Líonfadh an t-iasc seo an bolg do scaifte mór daoine!



Den os comhair a mhonarchan úir.

Contae, ó na Dúnaibh siar iarthar na Contae, Baile Dhún na nGall, Bun Dobhráin, Sligeach, Bealach Féich agus Leitir Ceanainn agus ansin Inis Eoghain. Cha raibh mórán coirnéil fán Chontae nár dhíol sé éisc iontu.

### **Bradán ar Leathshúil.**

Thosaigh Den a cheannacht bradán fosta. Bhí na hiascairí sa Chaisleán Nua (Greencastle) ag lorg ceannaitheora agus dúirt Den leofa go gceannódh sé uafa.



Bhí timpeall is fiche trálaer ina iomlán ag iascaireacht bradán sa Chaisleán Nua agus ba Den an ceannaitheoir a bhí acu, rud a chiallaigh go raibh sé ag cur ar shiúl an-chuid bradán le linn séasúr na mbradáin agus dar ndóigh chuidigh seo go mór lena ghnó.

Tá sé iontach tábhachtach nuair a bhíonn tú ag cur bradáin 'na mhargaidh nach mbíonn damáiste ar bith déanta daofa agus go n-amharcann siad i mbarr a maitheasa. 'Sé an rud a tharlaíonn go minic nuair a bhíonn bradáin i bhfostú san eangach amuigh san fharráige ná go mbíonn cuid den bhradán le feiceáil os cionn an uisce agus bhéarann seo deis do na héanacha a bheith ag piocadh orthu agus thig leo neart damáiste a dhéanamh. Bhí bradán breá dhá phunta dhéag ag Den ach cha raibh sé ábalta é a chur ar shiúl 'na mhargaidh mar go raibh ceann de na súile piochta as ag na héanacha. Chaithfí rud inteacht a dhéanamh fá seo! Ba ghnách le Den a bheith ar an chéidh luath ar maidin nuair a bhíodh na bádaí ag teacht isteach agus go minic chaithfeadh siad éisc amach ar an chéidh nach mbeadh a dhíth orthu. An mhaidin seo thóg Den trosc breá a bhí caite ar an chéidh agus thug sé é leis 'na bhaile. Fuair sé amach an bradán a bhí ar leathshúil agus chuir sé súil an troisc isteach ann agus dá réir a chuid cainte fhéin rinne sé cóiriú thart ar an tsúil den chineál a mbeadh dochtúir ar bith bródúil as. Cuireadh an bradán 'na mhargaidh agus sin a raibh de sin.

### **Cáit.**

D' oibrigh Den thar a bheith dícheallach ina lá ach is fíor agus is cinnte a rá gur oibrigh a bhean Cáit, go ndéana Dia a mhaith uirthi, gach pioc comh dícheallach. Ba ghnách le Cait

cuid mhaith den fhilléadú (filleting) a dhéanamh fosta sna chéad bhlianta. Sa bhliain 1968 fuair siad Oifig Poist na nDúnaibh le reáchtáil agus chomh maith le sin chuaigh siad i mbun lóistín agus bricfeasta agus rinne Cáit na gnóanna seo a reáchtáil go díograiseach agus go héifeachtach. Bhí siad i mbun Oifig Poist na nDúnaibh ar feadh dhaichead bliain. Fuair Cáit bás sa bhliain 2017.

### **Cursaí Peile.**

Bhí suim ag Den i gcónaí i gcúrsaí



Comórtas Peile na Gaeltachta i nGaillimh 1981



peile. Mar a fheicfeas tú ón ghearrthóg (cutting) as an Donegal People's Press 1958 b'é Den a bhí ina mholtóir ar an chluiche idir Gaoth Dobhair agus Seán Mac Cumhaill i Machaire Gathláin. Chaith sé traidhfil blianta ag moltóireacht agus dar ndóigh níorbh sin an phost ab fhurasta i CLG, fiú go fóill. Roghnaíodh Den mar chathaoirleach ar CLG Na nDúnaibh sa bhliain 1980 agus bhí sé sa phost sin go dtí an bhliain 1986. Chonaic sé, mar chathaoirleach, na blianta ab fhearr a bhí ag na Dúnaibh ar pháirc na himeartha. Bhain na Dúnaibh dhá chomórtas Sóisir i gComórtas Peile na Gaeltachta ('81 agus '82) agus an comórtas Sinsir i 1983. Ba seo an chéad chomórtas Sinsir agus an ceann deireanach a bhain foireann na nDúnaibh. Ba Den a bhí mar chathaoirleach ar an chumann fosta nuair a tógadh Ionad CLG na nDúnaibh agus bhí ról lárnach aige sa chrannchur a bhí againn leis an Ionad seo a thógáil.



### Ar a Sháimhín Só

Cé go ndéanann Den a bhean chéile Cáit a chrothnú go mór, tá sé ina shuí go seascair sásta ina theach i nGorta Móra agus é i ndiaidh ceiliúradh a dhéanamh cúpla mí ó shin ar bhreithlá 90 bliain. I lar na nóchaidí bhí obráid mhór (operation) ag Den ar a chroí a d'fhág é díomhaoin ar feadh tréimhse ama ach chomh luath agus mhothaigh sé biseach ag teacht air fhéin chuaigh sé i mbun a ghnó arís— ag obair chomh dícheallach agus bhí sé ariamh. Is cinnte go dtig le Den a rá go fírinneach nár mharaigh obair chruaidh fear ar bith ariamh. Tá sé ina chuideachta iontach agus cuimhne den chuid is fearr aige ar eachtraí agus ar imeachtaí a thit amach na blianta ó shin le linn a óige agus fonn mór air iad a rann le duine ar bith a bhfuil fonn éisteachta orthu. Tá Guth Ghoill iontach buíoch dó gur lig sé muid isteach ina shaol. Cha raibh an greann ná an cur i gcéill ariamh rófhada óna intinn agus níl go fóill. Go bhfeice sé an céad agus tuilleadh.



1983. An chéad chorn sinsir a bhain foireann na nDúnaibh ariamh. Ó chl—Donchadh Ó Buaidhe, Pádraig Ó Bródlaiigh, Den, Antoin Mac Eiteagáin (le Corn Mhic Eiteagáin), Míchéal Ó Dochartaigh & Con Ó Buaidhe



# Litreacha na Nollaig



Cha dtugann fear an phoist cuairt orainn anseo chomh minic na laethanta seo agus a ba ghnáth leis. Is dócha go mbíonn daoine i dteagmháil lena chéile ar dhóigheanna eile cosúil le ríomhphost, fón, téacs agus a leithéidí agus nach bhfuil gá le litreacha níos mó. An t-aon am sa bhliain a bhfuil dúil agam fear an phoist a fheiceáil ag teacht 'na tí ná ag an Nollaig. Tá rud inteacht galánta agus ríoga ar dhóigh faoi, daoine ag rá linn go bhfuil siad ag smaoiteamh orainn agus muidne ag rá leo go gcronaíonn muid iad ag an am sin den bhliain. Cé nach mbíonn barraíocht litreacha leis na cártaí a thagann anois, coinníonn siad daoine inár gcuimhne nár smaoitigh muid orthu, bfhéidir le bliain, ón Nollaig roimhe sin. Bhí am ann, agus níl sé an fhad sin siar uainn, nuair a tháinig Dinny Éamoinn thart ar an taobh thoir againn agus mála lán de litreacha na Nollaig leis. Sin an t-am sa bhliain a smaoitigh daoine ar an bhaile, go háirithe iad siúd a bhí ar imirce. B'fhéidir gur sin an t-aon litir sa bhliain a fuair teaghlach óna muintir i Meiriceá nó i Sasana agus bhí sí le léamh arís agus arís eile ag achan duine sa teaghlach le bheith cinnte go raibh an nuacht uilig ar bharr a dteanga acu.

Ceann de na litreacha seo a raibh mise ag feitheamh go mór léi amach ansin ná an ceann a fuair mé ó Mhadgie Bhiddy Boyce nó m'aintín Madgie a bhí ina cónaí san Astráil. Sula deachaigh sí amach ansin, chaith sí seal i Sasana sna WAAFs (Women's Auxiliary Air Force) i rith an darna cogadh domhanda agus ag deireadh na gcaogaidí thug sí a haghaidh ar an Astráil. Cha raibh an táille ach deich bpunt ag an am. Bhí thart ar thrí seachtaine de thuras ar bhád le déanamh aici agus í léi féin ag dul go tír choimhthíoch. Char inis sí barraíocht dúinn fán saol a bhí aici amuigh ann cé gur scríobh sí achan Nollaig, ar a laghad, chuig a cuid deirfiúracha, mo mháthair agus Nellie i Londain. Chuir sí pictiúir chucu go minic do na háiteanna galánta ar thug sí fhéin cuairt orthu ach bhí sé soiléir go raibh uaigneas uirthi don bhaile



Biddy Bhiddy Boyce



agus briseadh croí uirthi mar go raibh sí i gcónaí ag fiafraí fá achan duine fán áit. I gceann de na litreacha deireanacha a chur sí chugam féin, chuir sí cóipeanna de na pictiúir a ghlac sí féin sular imigh sí, de chuid dá cairde i nDún Dubháin, i nGlinsce - bhí cónaí ar mo mhuintir i bhFánaid ar feadh tamaill – agus i gCluain tSaileach. D’inis sí dom gur dearnadh slad ar na málaí nuair a bhí sí ar an bhád agus gur chaill sí go leor dá cuid pictiúir agus earraí pearsanta.

Ceann de na pictiúir a chur sí chugam ná pictiúir dá máthair mhór agus mo shin-sheanmháthair Biddy Bhiddy Boyce. B’as Dumhaigh di agus phós sí Mánus Bán (Mac

Giolla Bhríde) as Dún Dubháin. Bhí seisear clainne acu agus ina measc bhí m’athair mór John Bhiddy Boyce. Nuair a fuair bean John, Sophie Coyle ón Raplach, bás i 1922, chuaigh sé go Meiriceá agus ar feadh na mblianta a bhí sé ann, thit sé ar a mháthair, Biddy Bhiddy Boyce, amharc i ndiaidh na bpáistí dó, rud a rinne sí le díograis. Bhí mac eile ag Biddy darbh ainm James agus bhí cónaí airsean sa teach leofa fosta. Bhí James ina shaighdiúir sa chéad chogadh domhanda agus de réir chosúlachta, tugadh an ‘Saighdiúir’ air ina dhiaidh sin. Chonaic James barraíocht d’olcas an tsaoil agus é ag troid ar an Western Front agus sna Dardanelles agus nuair a tháinig sé ar ais i ndiaidh an chogaidh bhí sé soiléir, cosúil le go leor saighdiúirí eile, nárbh é an duine céanna a tháinig ar ais chuig a mhuintir. Cé go raibh an saol athraithe go mór do James, bhí tréith amháin dá chuid nár athraigh agus sé sin, a chineáltas. Labhair mo mháthair i gcónaí faoin cheangal a bhí aici leis agus tá sé soiléir dom go raibh meas agus grá aici agus ag an teaghlach uilig air agus dó, níos mó ná mar a bhí acu ar a n-athair.

Chaith James toitíní, cosúil le achan fhear eile ag an am, agus sna bocsaí toitíní sin bhí pictiúir de réaltaí scannáin. Bhí earraí le fail ar na pictiúir seo agus shocraigh Madgie ar iad a chruinniú agus

An Teach Cónaí i nDún Dubháin



chuir sí a súil ar cheamara a fháil dí féin. Chruinnigh sí na pictiúir seo, cuid acu óna huncail James agus an chuid eile ó dhuine ar bith eile thart a chaith toitíní agus a bhí toilteanach iad a choinneáil di. D'ínis sí dom go raibh cúig phaca le cruinniú aici agus in achan phaca bhí caoga pictiúir. Anois, sin lear toitíní a bhí le caitheamh thart fán cheantar, cha ndeirim a thuilleadh faoi sin.

Chuir mé ceist ar Mhadgie faoin cheamara, agus an bhfuil fhios agat, nár choinnigh sí é i rith na mblianta a bhí sí san Astráil agus chuir sí pictiúr de chugam leis an mhála a bhí leis agus nach raibh an bláth, Cactas na Nollag, sa phictiúr ag a thaobh. Tháinig an ceamara sin isteach úsáideach do Mhadgie agus chuidigh sé liom féin gné beag den am atá thart a thuiscint. Cuidíonn an pictiúr liom cineál aithne a bheith agam ar Bhiddy Bidy Boyce mar go raibh sí marbh le blianta sular rugadh mise.

Chuaigh James Bhiddy Boyce ar imirce go hAlbain agus is ann a fuair sé bás. Fuair Madgie bás san Astráil cúpla bliain ó shin agus í os cionn deich mbliana agus ceithre fichid bliain d'aois, tá súil agam nach raibh sí léi féin.

Bheinn buíoch dá bhfaighinn litir ag am ar bith den bhliain anois.

- *Fia Ann*



# Na Mummers

le Brian Mac Lochlainn (Bernard Bhrianaí)

Scéal as Inbhear.

I Samhradh na bliana 1980 d'fhág Brian Mac Lochlainn (Bernard Bhrianaí) as Baile na Deora slán ag Ros Goill agus chuaigh sé fhéin, a bhean chéile agus a chlann a chónaí in Inbhear i ndeisceart na Contae. Bhí lúchair orainn cluinstitín uaidh ansin le goirid agus chuir sé alt fada, corradh agus ceithre mhíle dhéag focal, chugainn faoi na Mummers agus a macasamhail, chan amháin in Éirinn, ach fríd an domhan uile. Bhí sé soiléir go raibh an-chuid taighde déanta aige ar an ábhar seo agus rinne sé cur síos ar dhreamanna in Éirinn agus thar lear – Lá an Dreoilín, The Straw Boys, Wexford Mummers, Armagh Rhymers agus sa Bhreatain – na Morris Dancers, Southport Mummers, The Bothy Folk Group, Cod-End Mummers ( Fleetwood), The Furness Play agus rinne sé cur síos ar a leithéidí seo de ghrúpaí san Norbhuaidh, sa tSualainn agus sa Danmhar agus i go leor áiteacha eile.

Ins an phíosa seo i nGuth Ghoill déanann sé cur síos ar a chuimhní fhéin le linn dó a bheith amuigh sna Mummers anseo i Ros Goill. Dar ndóigh nuair a chuaigh sé go hInbhear rinne sé an traidisiún a athbheochan ansin agus bhí siad amuigh sna mummers ó 1982 ar aghaidh ar feadh deich mbliana. Ach fuair an grúpa an scairt arís i 2001 ón sagart paróiste, áit a raibh an Teach Pobail le péinteáil agus bhí airgead a dhíth.

Seo cúpla bhéarsa de rann a scríobh sé fhéin don ócáid seo i 2001, tá meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla ann:

On a Saturday i Mí na Nollag zero one  
Twas Lá Féile an Immaculate Conception.  
Seamus asked me, I asked the others  
Why not revive the Fianna Mummers.

Joe agus Mc Grory were first to agree  
Then "Cinnté" says Willie, Jimmy and me.  
Antoin as Ceatharlach did his bit  
Bhí muid réidh, we had a script.

Fir chróga from Frosses and Tamhnach a'tSalainn  
Were helped along by the young and musical Quinn.  
Drimarone, buíochas duit and to wee Gerry  
From Ardaghy tháinig Ó Domhnaill and me.

## An Seansaol

Deir an seanfhocal go n-imíonn na daoine ach go bhfanann na cnoic. Ach chomh maith le h-imeacht na ndaoine, imíonn a gcuid scéalta, a gcuid nósanna agus a gcleachtaithe. Le gach glún a fhaigheann bás, cailítear cuid den chultúr a bhain leo. Bhí agus tá a lán nósanna agus traidisiúin ar fud na hÉireann agus go fiú ar fud an domhain mhóir a théann siar i bhfad i mblianta agus i gcéadta de bhlianta.



Bhí an nós ann uair amháin go mbíodh aifrinn á léamh sna tithe agus go mbíodh máisiúin sna tithe pobail nó ‘sna séipéil mar a bhéarann cuid de na daoine orthu. Tá an nós sin, nó an chuid is mó de, chóir a bheith imithe sa lá atá inniu ann. Bhí traidisiún ag na hAlbanaigh nó na Protastúnaigh, ‘sé sin nach bhfeicfidh taobh amuigh dá dtithe cónaithe iad ar an Domhnach ach amháin dá mbeadh siad ag dul chuig seirbhís. Cha raibh cead ag daoine pósadh nó cha raibh cead damhsaí a réachtáil sna hallaí i rith an Charghais. Sa tseanam fosta bhíodh meitheal iontach coitianta i ngach cearn d’Éirinn le cabhrú le chéile obair na feirme a dhéanamh. Ar an drochuair tá dearmad agus neamairt á dhéanamh ar a lán acu sin anois. Ach sin ráite, cé gur imigh go leor de na sean-nósanna agus na sean-dóigheanna a tháinig anuas fríd na daoine ó ghlún go glún, d’fhan go leor de na nósanna agus de na traidisiúin beo i measc mhuintir na tíre seo. Imrítear cluiche áirithe ar Innis Oir, ceann d’oileáin Árann na Gaillimhe agus an t-oileán is cóngaraí do Chondae an Chláir agus ‘sé ‘caide’ ainm an chluiche seo agus deirtear go bhfuil sé á imirt ann leis na cianta. Is cluiche simplí go leor é. Bíonn bata beag ina lú ar chloch le ceann an bhata ag gobadh amach, buailtear ceann amháin den bhata le bata eile, sciobann an chéad bhata san aer agus buailtear é sin leis an darna bata chomh fada agus is féidir. Bíonn an bhuaidh ag an té a bhuaileann a bhata níos faide ná duine ar bith eile. Tá traidisiún nó cluiche eile i gCorcaigh agus in Ard Mhacha. *Boule* an tainm atá ar an chluiche seo. Caitear liathróid iarainn, atá thart fá mhéid uibhe, idir pointe A agus pointe B ar an bhealach mhór. Bíonn an bhuaidh ag an té a shroicheann pointe B leis an méid is lú iarrachta. Tá an cluiche seo rud beag cosúil leis An Poc Fada a imrítear i leithinis Chuailgne i gCondae Lú. Sa chluiche seo úsáidtear camán agus sliotar agus imrítear é thar chaoráin agus thar chnoic in áit imirt ar an bhealach mhór.

## Na Mummers.

D’fhan traidisiún nó nós eile beo i measc na ndaoine anseo in Éirinn, ‘sé sin na Mummers. Bhí agus tá an traidisiún seo beo in áiteacha éagsúla ar fud na

UTV ag déanamh scannán le Mummies  
Inbhir don chlár 'Lesser Spotted Ulster'.



hÉireann go dtí an lá atá inniu ann agus tá saghasanna áirithe de beo in áiteacha go leor ar fud an domhain mhóir. Chan mar a gcéanna atá an cur i láthair, an smeideadh nó an t-aicsean dramatúil ó áit go háit nó ó tír go tír ach do réir dealraimh 'sé an téama céanna, chóira bheith, atá ag rith

fríd achan cheann acu, 'sé sin troid, marú, aiséirí agus maithiúnas. Bíonn grúpaí fear ag dul ó theach go teach i rith aimsir na Nollag ag cur dráma beag ar siúl sna tithe. Bíonn siad gléasta go neamh-choitianta agus lorgaíonn siad déirc in achan teach a dtéann siad isteach ann. Ach le h-imeacht na mblianta agus le cleachtaithe an tsuibhris agus tionchar na teilifíse tháinig meath mór ar an tradisiún seo agus tá rud beag eagla orm go bhfuil an bás in ndán dó. Ar dhóigh amháin bhí an t-ádh dearg orm féin gur rugadh mé in áit agus in aois ina raibh an tradisiún seo beo beitheach ann. Tá mé chun cuntas a thabhairt ar an nós seo agus ar an saol a bhí agam féin mar Mummer. D'fheadfaí a rá go raibh nasc leis an tradisiún seo i mo chuid fola san am chéanna is a bhí *Santa Claus* agus chan sin inniu nó inné. Spreag na Mummies mé sa dóigh go raibh mé ábalta páirteanna éagsúla a ghlacadh i ndrámáí difriúla níos faide amach i mo shaol. Mar stócach óg thug na Mummies uchtach agus misneach domh a bheith ábalta seasamh suas domh féin agus gan a bheith cúthalach nó faiteach.

### Mummies le linn m'Óige.

Ó mo chuimhne ba ghnách le grúpa Mummies a theacht go dtí an teach s'againne i mBaile na Deora achan bhliain i dtrátha na Nollag. Bhíodh muid i gcónaí ag dréim leo am ar bith ó thús mhí na Nollag agus ag fanacht go foighneach leo. Dá dtiocfadh siad mall san oíche agus muid inár gcodladh thógfadh mo mháthair aníos as na leapacha muid go bhfeicfeadh muid an taispeántas iontach seo. Go min minic ba ghrúpa áitiúil iad agus bhí sé furasta na glórthaí éagsúla a aithint. Bhíodh siad gléasta go neamhchoitianta. Bhí hataí móra arda orthu a bhí maisithe le paipéar daite de chácaí Nollag agus bhí ribíní crochta ó na hataí lena n-aghaidheanna a chlúdach. Bhíodh léine mhór fhada orthu síos go dtí na glúine, crios thart fán bholg agus claíomh síos lena dtaobh. De ghnáth ba dath geal a bhí ar an léine, dath dubh ar an chrios leathan agus bhí an claíomhdéanta as piosa adhmaid nach raibh de dhíth. Tá Baile na Deora suite ar an taobh thoir de leithinis Ros Goill thart fá thrí mhíle ó na Dúnaibh. Cha raibh sa bhaile fearainn

Pictiúr de Mummers Inbhir. Tá Bernard ar an dara duine ó thaobh na láimhe deise.



sna caogadaí ach ceithre theach ach tá a dhá oiread sin ann anois. Mummers bheaga a bhí ar na buic seo mar gur ghasúraí óga idir an bhliain déag agus sé bliana déag a bhí iontu. Ba as an cheantar áitiúil iadsan. Ach corrúair thioctadh grúpaí ón Uachtar agus ó Fhánaid ar cuairt agus ba mhinic gur Mummers mhóra a bhíodh iontusan. Bhí na grúpaí seo níos proifisiúnta agus níos slachtmhara agus fios a ngnoithe acu. Bhíodh na taispeántais seo mar chúis cainte ar an scoil lá arna mhárach agus bheadh muid ag maíomh (boasting) gur aithin muid na pearsain uilig a bhí sna grúpaí.

### **Sna Mummers don chéad uair.**

Mhúscail an dráma Nollag seo spreagadh ionam fhéin agus bhí mé ag fanacht go mór leis an lá go mbeinn fhéin ábalta dhul amach sna Mummers. Ar deireadh thiar thall tháinig an lá sin. Ag tús mí na Nollag 1962 tháinig baicle gasúraí le chéile ag am lón i seanscoil Mhíobhuí agus an plean a bhí againn ná grúpa a chur le chéile le dhul amach an bhliain sin agus bhí mé féin ina measc agus nach orm a bhí an lúchair. Bhí na ranna againn agus piocadh mise mar ‘Room Room’. Rith mé ‘na bhaile i ndiaidh am scoile agus chruinnigh mé na nithe uilig a bhí ag teastáil fá choinne hata a dhéanamh, sé sin píosaí caola saileoige, éadach bán, píosaí sreanga agus snáthad agus na maisiúcháin ó na cácaí milse. Cha raibh i bhfad go raibh an hata curtha le chéile ag mo mháthair agus chuidigh m’athair liom an claíomh a dhéanamh. Bhí léine mhór gheal agus beilt dhubh a cuireadh chugainn ó Mherica ar fáil fosta. Anois bhí mé gléasta mar Mummer agus thosaigh mé ag foghlain an rann ‘RoomRoom’. Seo leanas é:

Room, room me gallant boys and give us room to rhyme  
 To show you some activity around this Christmas Time  
 Active you than active age



The like of this was never acted upon a stage  
 And if you don't believe what i say  
 Enter in King George and he'll soon clear the way

Bhí sé mar dhualgas ormsa cnag a bhualadh ar an doras agus scairteadh amach 'Any admittance for the Mummers' nó siúl díreach isteach ar urlár na cisteanadh agus toiseacht mo rann a rá. Bhí seo ag réiteach an bhealaigh don dream a bhí ag teacht i mo dhiaidh.

Bhí Na Mummers ar na bonnaí agus muid réidh le dhul amach oíche Dé hAoine. Bhí seisear uilig sa ghrúpa, cúigear as thart fá Bhaile na Deora agus fear eile as an Mheall Mhór. Anois bhí muid ábalta fir a thabhairt orainn fhéin! Shocraigh muid a theacht le chéile sa teach s'againne ar a h-ocht oíche Dé hAoine. Bhí an ghealach amuigh agus an spéir glan gan néal. Rinne muid na tithe uilig a bhí thart orainn agus thug muid ár n-aghaidh ar an Mheall Mhór. Bhí madaí ag tathaint agus tachráin óga scanraithe agus ag caoineadh ach bhí lúchair ar na daoine fásta muid a fheiceáil. Thug achan teach déirc éagsúil dúinn -- brioscaí, milseáin, úlla agus oráistí agus fiú daoine a thug ód agus scilling dúinn. Bhí fear amháin i gceannas an airgid agus ag deireadh na hoíche bhí a phócaí trom go leor. D'ith muid na brioscaí srl is muid ag dul ó theach go teach agus bhí an bolg lán ag deireadh na hoíche ach bhí ár bpócaí lán de bhruscar brioscaí agus de cháca milis fosta. Ba é teach fhear an Mhill Mhóir an teach deireanach a rinne muid. D'ól muid té, roinn muid an t-airgead agus bhain muid na bonnaí as 'na bhaile. Bhí muid breá sásta ar an bhealach 'na bhaile mar go raibh pingeacha inár bpócaí agus shocraigh muid a dhul amach arís oíche Nollaig go dtí na tithe ósta sna Dúnaibh. San am sin cha raibh Aifreann méan oíche ar oíche Nollaig i mo pharóiste agus mar sin cha raibh deifir 'na bhaile ar na daoine a bhí sna tithe ósta. Chruinnigh muid le chéile sa teach s'againne thart fán seacht a chlog, d'ól muid tae, ghléas muid agus bhí muid ar an bhealach arís. Rinne muid neart tithe ar an bhealach siar go dtí Na Dúnaibh, áit ar shroich muid thart fán deich a chlog. Bhí na tithe ósta lán go béal mar gur ghnáth le bunadh na h-áite a bhí thall ag obair in Albain, m'athair féin ina measc, a theacht na bhaile don Nollaig. Is maith a bhí fhios againn sin agus go mbeadh neart pingeacha le spáráil fá na pócaí fosta. Mar a deir an seanfhocal 'is glas iad na cnoic i bhfad uainn' ach taispéanadh dúinn an oíche sin nach féar glas a bhíonn i gcónaí ag fás orthu. Bhí an oired sin callán sa chéad teach ósta nár chuala duine ar bith muid agus, go cinnte, chan fhaca duine ar bith muid. Bhí muid ag siúl amach an doras i ndiaidh na ranna a rá agus gan leath phingin a chruinniú nuair, go h-ádhúil le Dia, chonaic fear an bharr muid, scairt sé arais orainn, bhéic sé ar na fir a bheith ciúin agus thosaigh muid arís. Chruinnigh muid uilig neart pingeacha agus siúd linn chuig an darna teach ósta. Bhí callán agus fiú troid ar siul sa cheann seo. Bhog muid linn chuig an tríú ceann agus bhí seo ciúin go leor ach bhí a leath de na fir ólta agus iad ina gcodladh ar na

suíocháin. Chuaigh muid ar ais go dtí an darna ceann arís, bhí an troid thart, bhí fuil sg sileadh le sróntacha, bhí súile dubha ag daoine agus bhí gloinní agus buidéal bhriste ar an urlár. Dúirt muid na ranna, chruinnigh muid na pingeacha agus shiúil muid amach an doras go macánta. Chuaigh muid go cúl an tí ósta seo, áit a raibh solas taobh amuigh air, chuntas muid na pingeacha, roinn muid iad agus chuaigh muid ‘nabhaile. Thóg mé crág mhór airgid amach as mo phóca agus chuir mé é ar an tábla, chuntas mo mháthair é, thug sí scilling agus sé pingine ar ais domh agus choinnigh sí fhéin an chuid eile. Bhí na Mummers thart fa choinne an bhliain sin ach lean muid leis an nós.

### Ranna Úra.


Tháinig Neil Cullen as Dún Dúbháin ó dhúchas, a bhean chéile Nan de bhunadh Ghaoth Dobhair agus a gclann chun ‘n bhaile as Albain agus chuir siad futhú i nDún Dúbháin. Bhí mac leofa Johnny, go ndéana Dia trócaire air, i mo chuideachta agus muid breá mór le chéile. Bhí ranna (rhymes) faoi leith ag Neil, ranna nár chuala mé féin ariamh roimhe sin. Bhí na ranna seo faoi Fhionn Mac Cumhaill agus Na Fianna. Nuair a chuala mé na ranna seo don chéad uair agus mé i mo stócach óg, an bhliain déag d’aois, chuir siad mé faoi dhraíocht.

Bhí mise an bhliain déag d’aois ag an am seo agus bhí Johnny bliain nób óige. Tráthúil go leor labhair muid faoi na Mummers agus dúirt Johnny go raibh ranna speisialta ag a athair. Scríobh Neil síos na ranna agus bhí siad le Johnny an lá arna mhárach, léigh mé iad, d’amharc siad an-deacair, ach chuir mé suim iontu lom láithreach. Mheas Johnny agus mé féin gur bhfiú dúinn grúpa úr a chuir le chéile don Nollaig a bhí le theacht. Rinne muid mar a bheartaigh muid agus bhí ochtar

fear óg cróga amuigh sna Mummers an Nollaig sin. Bhí na ranna seo faoi Fhionn Mac Cumhaill agus Na Fianna agus bhí draíocht áirithe ag baint leo mar go raibh siad ag cuir síos ar na h-éachtaí móra a rinne Na Fianna san am a chuaigh thart. Bhí Na Mummers mhóra tagtha ar an saol, bhí ochtar sa ghrúpa mar deir Fionn:

‘And with my seven battalions grand  
I once ruled over this glorious Irish  
land’

Thit sé orm féin gur rann Fhionn a bhí le rá agam agus seo páirt den éacht mhór a bhí bainteach liom.



Johnny Ó Cuilinn, go ndéana Dia a mhaith air, cara mór le Bernard agus iad sna Mummers.

‘The reindeer we hunt over hill and dell  
 In common and on battlefield as well.  
 Never a man did me excel in foreign lands and foreign climes  
 I travelled twice three hundred times’  
 Bhí claonadh in aghaidh na Sasanaigh le feiceáil sa rann fosta  
 ‘All foreign laws I did subdue  
 And thrashed John Bull’s bloody crew’  
 Seo píosa as rann Gholl Mac Morna  
 ‘ My name is Gall of the mighty blows  
 and on the point of John Bull’s nose  
 I’ll land my fist as evening closes  
 And make him kiss my Irish toes’  
 Tá an claonadh seo le feiceáil i rann Oisín fosta mar  
 ‘So Ireland’s sons should have no fear  
 to swell the ranks of the volunteers  
 to fight for freedom and Home Rule  
 three cheers for my father King Fionn Mac Cumhaill’  
 to solve the mystery of this affair’

Tá an téama atá ag rith fríd an dráma seo cosúil leis na drámaí Nollag eile mar go bhfuil réamhrá, troid, marú, aiseirí, maithiúnas agus lorg déirce iontu uilig. Tá na tréithe seo leanas sa scéal faoi Na Fianna- greann, éad, grá, fearg, maíomh, náisiúnachas srl.

Ag deireadh fuair fear an bhosca seans cúpla port meidhreach a sheinm agus bhí seo mar spreagadh ag an lucht féachána níos mó airgid a chur sa bhosca déirce, corruair bheadh fonn damhsa nó ceol orthu fosta. Nuair nach raibh gléas ceoil sa ghrúpa cheoladh Mummer amhrán. ‘Sean South from Garryowen’ an t-amhrán ba choitianta a bhí le cluinstitín i gcónaí.

Bhí muid ag eirí aníos sa saol mar go raibh seanrothar ag achan mhac madaí faoin am seo. Thaisit muid ó cheann ceann na paróiste agus mar gheall ar sin chruinnigh muid neart airgid. Bhí ganntanas airgid fá achan teach, mar sin cha raibh sé neamhchoitianta an t-airgead a shaorthaigh Mummer a fhágáil ar an tábla san oíche sa dóigh gur thóg do mháthair a cuid féin as.

Bhí an chaint uilig ar an scoil i dtrátha na Nollag faoi Na Mummies agus ba é an cheist a bhí i mbéal achan scoláire na ‘Cá mhéad a rinne sibh aréir’ Sin an cheist a bhí ag an chuid is mo de na daoine fásta fosta ach ma sea fhéin chan fhuair siad


uilig an freagra céanna no fiú an freagra ceart.

### 1964 — Sos.

Lean muid leis an nós seo go dtí 1964, sin an bhliain a chuaigh mé go Coláiste Éinde i nGaillimh. De bharr brú ama cha raibh mise ábalta a dhul amach sna Mummings ar fead cúig bliana. Tá mé den bharúil gur thit an tóin as an ghrúpa sin go goirid ina dhiaidh sin. Fuair m'athair bás i 1969, go ndéana Dia trócaire air agus tháinig mise ar ais go Baile na Deora i 1970, bhí post agam i Leitir Ceanainn. Thug mé faoi dear go raibh athruithe ag teacht ar an áit, bhí an saol ag dul thart agus bhí an domhain ag éirí níos lú. Ach bhí Johnny Cullen mar a bhí sé i gcónaí. Bhí croí mór aige, bhí sé cáirdiúil, bhí sé lán spraoi agus diabhláochta agus bhí suim mhór aige sna Mummings go fóill. Cha raibh Mummings bheaga ná Mummings mhóra thart ar leithinis Ros Goill le cúpla bliain agus chuaigh Johnny agus mé fhéin i ngleic leis an fhadhb sin chun í a réiteach.

### Gléas úr Taistil.

Cha raibh i bhfad go raibh grúpa curtha le chéile againn ach an uair seo bhí cúpla athrú suntasach le feiceáil. Bhí muid críonna faoin fhéin, faoi chúrsaí thart orainn agus faoi nósanna a bhain le rudaí áirithe. Bhí gléas úr taisteala againn. Bhí Danny Ghallchóir as an Ghlíob linn, cheannaigh Danny an seancharr a bhí ag an Dr. Ó Ceallaigh, Vauxall Victor le dath dearg agus AIH 234 an uimhir chláráithe a bhí uirthi. Bhí sé furasta go leor a theacht ar bhaicle le dhul amach san am adaí mar go raibh muid uilig óg agus aerach agus ag cuartú spórt agus spraoi. Thaistil muid go leor áiteacha ar fud thuaisceart an Chondae, áiteacha fiú nach raibh mé féin riamh iontu. Mar sin féin shocraigh muid gan a dhul amach ach oícheanta ag deireadh na seachtaine. Rinne muid na tithe cónaithe idir a hocht agus a deich san oíche agus tar éis a deich dhíriigh muid isteach ar áit ar bith a raibh baicle daoine cruinnithe ann. Mar a dúirt mé leis an ghrúpa oíche amháin agus muid ag pleanáil don deireadh seachtaine a bhí romhainn, 'Nil teach ar bith, fiú teach faire sábháilte uainne'. Rinne muid na hallaí damhsa, hallaí bingo, tithe ósta agus dar ndóigh na Lounge Bars a bhí tar éis a theacht ar an saol ag an am sin. Rinne muid an Halla Damhsa ar




Neil Ó Cuilinn

an Tearmann ar an Aoine thart fán 12 a chlog. D'fhiafraigh an banna ceoil dinn ar mhaith linn fanacht tamall, d'fhan muid agus chaith muid an chuid eile den oíche ag damhsa. Bhí na mná uilig ag iarraidh damhsa leis na fir seo a bhí gléasta go neamh-choitianta. Gan dabht bhain achan duine sásamh as an oíche. Dúirt Danny Ghallchoir gur chóir dúinn dhul go Tobar an Dún le maithiúnas a iarraidh ar na peacaí a rinne muid. Oíche lá arna mhárach chuaigh muid go dtí an Chearthú Chaol. Rinne muid an teach ósta deireanach ar an bhaile sin agus d'fhiafraigh fear an bharrá dinn ar mhaith linn deoch. Baineadh stangadh asainn mar seo an chéad uair atharla seo dúinn ach bhí uchtach againn 'tá' a rá agus bhí tart maith orainn i ndiaidh na ranna a rá ar feadh trí uaire a' chloig. Chuir sé suas dhá dheoch dúinn agus ansin thosaighmuid fhéin ag ceannacht. Fiú ag an am sin níor ghlac Danny Ghallchoir deoch mar go raibh sé ag tiomáint an oíche sin. Ach bhí fear óg inár measc agus seo an oíche a thosaigh sé ag ól. D'éirigh sé chomh tinn le madadh sula raibh an oíche istigh agus b'éigean dúinn é a iompar amach go dtí an Vauxhall Victor, bhí sé ar dhroim na muice fán am a raibh sé sa bhaile.

✓  
 Give Ear, Give Ear My Patriot bold  
 To what I have to you untold,  
 My name I'm sure you all know well  
 For there in Irish hearts did dwell  
 I'm brother of the mighty Speed  
 Son of Moran, of the fairy breed  
 To announce to you the tidings grand  
 The admiral of the Fianna band  
 I came to entertain you all  
 The age, the young, the great, the small  
 With deeds & former tales of glory  
 In mortal life in song & story  
 Its 15 hundred years or more  
 Since we have gone from the Irish shore  
 We have traveled over the world unseen  
 To night we're back to the Isle of Green  
 So here we are with hearts aglow  
 From heaven above or hell below  
 From Tim-na-roge or where ever we have been  
 Or trodden over the Isle of Green  
 I'll now call in Glad Eglasbh Mac Bear  
 To solve the mystery of this affair.

# Seolaíocht Leabhair Shéamus Mac a' Bháird, (Toraigh & na Dúnaibh).



Ba dhuine de bhunadh Thoraí agus Na nDúnaibh a bhí i Séamus Mac a' Bháird. Fear a bhí ann a bhí díograiseach agus dílis don Ghaeilge. Nuair a fuair sé bás sa bhliain 1951 shíl a theaghlach agus a chairde go raibh an chaibidil dheireanach dá shaol scríofa. Ach nach orthu a bhí an dul amú! Mar, i ndiaidh dó bheith ina luí go huaigneach in áiléar dorcha le cúig bliana agus trí scór, thángthas trasna ar lámhscríbhinn luachmhar a scríobh Séamus Mac a' Bháird. Seo lámhscríbhinn a bhí gan iomrá gan eolas go dtí seo. Rinne an lámhscríbhinn a bealach go doras an Ollaimh Nollaig Mac Congáil - saineolaí agus saoi ar scríbhneoireacht Thír Chonaill. Rinne Nollaig eagarthóireacht ghrinn uirthi, eagarthóireacht a léirigh meas agus urraim ar

Shéamus agus ar na coincheapa a bhí aige. Mhair an eagarthóireacht ar feadh dhá bhliain agus tá an saothar réidh anois le cur i láthair an phobail.

Fear ildánach oilte ab ea Séamus Mac a' Bháird. Scoth damhsóra a bhí ann - roinneadh an dara duais idir é féin agus damhsóir eile i gcomórtas port dúbailte agus coir ag Oireachtas na bliana 1901. Ceapadh é mar thimire de chuid Conradh na Gaeilge do Dhún na nGall agus do na coda sin de Chontae Thír Eoghain agus Chontae Dhoire a bhí go fóill sa Ghaeltacht i 1902. Mhéadaigh a chlú agus a cháil nuair a cuireadh a scéal **Troid Bhaile an Droichid** i gcló sa nuachtán An Claidheamh Soluis i 1904. Foilsíodh an scéal mar leabhar ina dhiaidh sin sa bhliain 1907. Ina theannta sin deirtear gurb é a chum An Maidrín Rua, meascán den amhránaíocht, den cheol agus den damhsa, gníomhachtaí gur ansa le muintir Thoraí go dtí an lá inniu. Tá sé luaite gurb é a chum an t-amhrán sin Beití Sally Dan chomh maith.

Scéal ficin atá sa leabhar faoi eachtraí a tharla d'fhear a d'fhág Toraigh ina óige agus a sheol fríd fharraigí na cruinne ar bord soithigh éadaí. Tá macalla na staire ag snaidhmeadh fríd an leabhar, rud a chuirfidh go mór lenár dtuiscint ar shaol dhuine amháin ar aistear a bheatha.

**Eachtraí Mara Phaidí Pheadair as Toraigh** teideal an leabhair agus cuirimid fearadh na fáilte roimh an úrscéal breá seo a scríobh Séamus Mac a' Bháird sa chéad cheathrú den chéad seo caite. Leabhar eisceachtúil atá ann ar go leor bealaí, scéal ar

shaol dhrabhlásach Phaidí Pheadair ó cheann ceann na cruinne, saol atá lán d'eachtraíocht, saol de chineál nach gcastar orainn de ghnáth i litríocht na Gaeilge. Tá an leabhar scríofa i nGaeilge agus i gcanúint shaibhir Thoraí, saibhreas atá á chailliúint de réir a chéile, faraor. Ní raibh cáil na scríbhneoireachta ar Thoraigh, rud nach raibh amhlaidh ná fíor fá oileáin Ghaeltachta eile ar fud na hÉireann. Mar sin, cuirimid fáilte faoi leith roimh an leabhar sháiniúil, shuimiúil seo. Solamar agus seoid ón tseanaimsir.

Sheol an Dr. Eithne Ní Ghallchobhair ó Acadamh Ríoga na hÉireann an leabhar seo ag ócáid sheolta in Óstán Loch Altán, Gort a' Choirce ar an Aoine an 6 Nollaig i gcuideachta an phríomh-eagarthóra, an tOllamh Nollaig Mac Congáil agus rinne siad amhlaidh sna Dúnaibh ar an Satharn an 7 Nollaig.



Eithne Ní Ghallchobhair,  
Nollaig Mac Congáil,  
Caoimhín Mac a' Bháird  
& Aingeal Nic a' Bháird

Caoimhín ag bronnadh  
leabhar ar Aodh Mac  
Laifeartaigh



Comórtas Aithris Filíochta  
Do Dhaltaí Bunscoile  
30/11/2019

# Féile Chéim



## Naíonain Bheaga

**An chéad áit:** Aimee Ní Dhomhnaill, An Tearmann. **An dara háit:** Ruby Ní Chromaisc, An Tearmann. **An tríú háit roinnte:** Hazel Ní Mhurráigh, An Tearmann, Emma Ní Chamhaoil, An Tearmann, Sean óg Mac Eafartaigh, An Tearmann & Séanán Ó Baoil, An Tearmann.



## Naíonain Mhóra

**An chéad áit:** Aodh Breathnach, caiseal. **An dara háit:** Lile Ní Ghallochóir, An Tearmann. **An tríú háit roinnte:** Éamonn Mac Ruairí, An Tearmann, Clodagh Ní Fhríl, Caiseal, Aoibhe Ní Bhuidhe, Duibhlín Riabhach & Seamus Mac Bhloscaidh, Duibhlín Riabhach.



## Rang 3

**An chéad áit:** Máire Ní Fhríl, Caiseal. **An dara háit:** Cian Mac Suibhne, Céim Aniar. **An tríú háit roinnte:** Donágh Ó Dochartaigh, Cill Mhic nÉanáin, Gráinne Ní Fhríl, Cill Mhic nÉanáin, Cathal Mac Giolla Bhríde, Cill Mhic nÉanáin & Cara Ní Shiom, Cill Mhic nÉanáin leis an mholtóir, Noel Ó Gallchóir.



## Rang 4

**An chéad áit:** Sophie Ní Fhearaigh, Gaeilscoil Adhamhnáin. **An dara háit:** Sorcha Nic a' Phobail, Caiseal. **An tríú háit roinnte:** Chíodhna Ní Chonaill, Céim Aniar, Treasa Nic Éiteagáin, An Tearmann, Seosamh Ó Colla, Duibhlín Riabhach, Danni Ní Shibleáin, Caitlín Ní Fhríl, Caiseal. **Duais Speisialta:** Cate Ní Chameron, Cill Mhic nÉanáin leis an mholtóir, Noel Ó Gallchóir.



# Aniar 2019

Bhí scaifte mór againn ag Féile Céim Aniar arís i mbliana. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na páistí uilig a d'fhoghlaim dán agus do na múinteoirí & do na tuismitheoirí a chuidigh leis na páistí a bheith ullmhaithe don Fhéile.

Míle buíochas fosta do na moltóirí, Noel Ó Gallchóir & Seán Ó Gallchóir. Cha raibh jab furasta acu! Seo na buaiteoirí. Comhghairdeas!



## Rang 1

**An chéad áit:** Sean Mac Niallais, Glasán. **An dara háit:** Cassie Ní Ghallachóir, An Tearmann. **An tríú háit roinnte:** Noah Ó Alcoirn, An Tearmann, Ben Mac Aoidh, Céim Aniar, Liam Mac a' Phobail, Caiseal & Saorlaith Ní Choinnaigh, Cill Mhic nÉanáin.



## Rang 2

**An chéad áit:** Caoimhe Ní Dhochartaigh, Duibhlinn Riabhach. **An dara háit:** Órlaith Ní Fhíorusce, Glasán. **An tríú háit roinnte:** Orlaith Ní Ghallchóir, An Tearmann, Cara Ní Éiteagáin, Cill Mhic nÉanáin, Roisín Bhreathnach, Caiseal & Éilis Ní Chonaill, Céim Aniar leis an Mholtóir Sean Ó Gallchóir



## Rang 5

**An chéad áit:** Fianna Ní Ghallchóir. **An dara háit:** Róisín Ní Fhíorusce, Glasán. **An tríú háit roinnte:** Eoin Bamforth, Gráinne Ní Shraitheáin, An Tearmann, Nóinín Ní Choinn, An Tearmann, Hannah Ní Loinsigh, Droimín leis an mholtóir, Noel Ó Ghallchóir



## Rang 6

**An chéad áit:** Meabh Ní Chonaill, Céim Aniar leis an mholtóir Noel Ó Gallchóir agus Francie Ó Cuilinn, Céim Aniar.

# An Nollaig ar Bhóithrín na Smaointe

Cá dtéann na bliantaí agus nach mór na hathruithe a tharann leofa? **le Nóirín Goulding**

Tá cuimhne mhaith agam ar Nollaig agus mé ag fás aníos i mBaile na Deora. Cha raibh mórán de chuid an tsaol ag muintir Ros Goill an t-am sin, léan agus leatrom is mó a bhí ag daoine. Bhí bád Dhoire agus an imirce ina gcuid lárnach de shaol na ndaoine. Mar sin féin rinneadh iarracht mhór féilte agus ócáidí speisialta a chéiliúradh agus a chomóradh. Rinneadh iarracht faoi leith ag Nollaig a bheith fial agus fláithiúil lena chéile.

Rudaí cosúil le húllaí, oráistí, barra seacláide agus leabhar a gheobhas muidinne i stocaí na Nollag. Ach, go minic théadh mo mháthair go dtí'n aonach i mBaile na nGallóglach agus cheannódh sí cúpla rud speisialta dúinn. Tá cuimhne agam leabhar péinteála agus bocsa beag péinteanna a fháil bliain amháin agus bocsa lán d'abhair fuála a fháil bliain eile. Shíl mé go raibh mé ar mhuin na muice.

Tá cuimhne agam ar bhliain amháin a dtáinig m'uncail John 'na bhaile don Nollaig, an Nollaig dheireanach dó ar an tsaol seo mar a tharla, (báitheadh é i 1955). Bhí John i gcabhlach na Breataine (British Navy) agus corruair thiocthadh an bád ar a raibh sé isteach go Doire. Ar Oíche Nollaig 1954 fuair sé bus na nDúnaibh as Doire. Thug carr le muintir Uí Ghallachabhair é as Carraig Airt go Baile na Deora. Sular fhág sé Carraig Airt cheannaigh sé bloc uachtar reoite, rud nach raibh mórán de chleachtadh againne air san am sin. Nuair a tháinig sé chomh fada le Baile na Deora bhí páistí an tí uilig ina luí agus muid ag feitheamh le Santa! San am sin, cha raibh a leithéid de rud agus cuisneoir (fridge) i dteach ar bith. Leoga, cha raibh leictreachas sna tithe. Mar sin b'éigeán do mo mháthair muidinne a chur inár suí leis an uachtar reoite a ithe láithreach bonn. Nach orainn a bhí an lúchair an féasta seo a bheith againn! Chomh maith le sin bhí a fhios againn go dtabharfadh John airgead dúinn nuair a bheadh sé ár bhfágáil, rud a rinne sé i dtólamh. Ach, ós rud é go raibh muid inár suí go mall an Nollaig áirithe sin bhí eagla orainn fosta go mbeadh Santa crosta linn agus nach mbeadh a dhath sna stocaí ar maidin ach cufráin mhóna!

Nollaig 1957 bhí m'athair in Lerwick in Oileáin Shetland in Albain. San am sin bhí sé de ghnás ag cuid d'fhir na háite imeacht go háiteanna áirithe ag an 'guttáil', ag glanadh scadán. I measc na n-áiteanna a dtéadh said bhí Oileán Mhanainn, Yarmouth, Lowestoft chomh maith le Shetland. Dóigh a bhí ann le hairgead breise a shaothrú don teaghlach. An Nollaig

áirithe seo tháinig Dinny Éamonn Mac Fhionnghaile, an posta, go dtí an teach s'againne le beart mór as Shetland. Chuir m'athair cúpla bréagán agus roinnt éadaí úra chugainn agus istigh sa lár bhí 'ham' galánta do dhinnéar na Nollag! Is fíor a rá go raibh bolg lán fán teach s'againne an Nollaig sin agus lúchair an tsaoil orainn leis na bronntanais ghalánta a fuair muid. Cearc rósta a bhíodh againn de ghnáth don dinnéar ar an lá mór seo.

Cuimhne eile atá agam fá shéasúr na Nollag ná a bheith ag tabhairt bardál (drake) siar an cnoc chuig m'aintín Sarah a bhí ina cónaí ar An Ard Bhán. Bhí cúpla lachan aici ach bhí bardál de dhíth uirthi. Chuir muid an bardál isteach in sac agus d'imigh muid linn de shiúl na gcos go dtáinig muid fhad le Pat Dhonnchaidh Shearlaí, an gréasaí. Lá 'le Stíofáin a bhí ann agus arsa Pat linn 'Tá sibh lá rómhall ag teacht leis an bhardál, dhéanfadh sé dinnéar breá domhsa dá mbeadh sé agam inné!

Oíche na bliana úire bheadh muid ag déanamh céiliúradh ar theacht bhliain eile. Bheadh prátaí brúite againn don tsuipéar agus cibé soláistí eile a bhí le fáil. Déarfadh m'athair mór, Brianaí, 'Ar oíche an dotháin mhóir ith do sháith'. Bhí sé de ghnás againn flea bheag a bheith againn ar an oíche seo.

Sin agaibh anois na cuimhní atá agamsa ar An Nollaig i m'óige. Cha raibh Toy Show ar bith ná carnán bréagán ach an oiread. Bhí muid sásta leis an bheagán.

Agus séasúr beannaithe na Nollag ag tarraingt orainn arís smaoinímís ar an tseanfocal 'Go maire muid beo ar an am seo arís'.

